An Roinn Oideachais
Department of Education

# Filleadh ar scoil: Tuairisc ar chinntí suirbhéanna in iar-bhunscoileanna

## Nollaig 2020

An Chigireacht
An Roinn Oideachais
Feabhra 2021

# Clár Ábhair


**1. Réamhrá** **3**

**2. Modheolaíocht** **4**

2.1 Dearadh an tsuirbhé 4
2.2 Sampla sonraí 4
2.3 Líon na bhfreagróirí 5
2.4 Teorainneacha na suirbhéanna 6
2.4 Téarmaí cainníochtúla a úsáidtear sa tuairisc seo 6
2.5 Anailís ar shonraí 6

**3. Forléargas ar thorthaí an tsuirbhé de réir an ghrúpa rannpháirtithe** **7**

3.1 Suirbhé ar phríomhoidí 7
3.2 Suirbhé ar mhúinteoirí 7
3.3 Suirbhé ar scoláirí 7
3.4 Suirbhé ar thuismitheoirí 8
3.5 Achoimre ar na barúlacha a léiríodh sna freagraí oscailte 8

**4. Torthaí mionsonraithe de réir téama** **10**

4.1 Eispéireas ar scoil 10
4.2 Folláine 12
4.3 Teagasc agus foghlaim 13
4.4 Cur chun feidhme beart i leith COVID-19 16

**5. Cinntí agus conclúidí** **18**

5.1 Príomhchinntí 18
5.2 Príomhchonclúidí 20

**Aguisín 1: Sonraí cáilíochtúla** **21**

**Aguisín 2: Sonraí cainníochtúla** **25**

# 1. Réamhrá

Sa tuairisc seo, cuirtear anailís i láthair ar na sonraí a gineadh ó roinnt suirbhéanna in iar-bhunscoileanna a rinne an Chigireacht le linn na tréimhse 9 Nollaig go 15 Nollaig 2020. Tá sé ar cheann de shraith tuarascálacha ar ghníomhaíocht taighde na Cigireachta i scoileanna i rith na scoilbhliana 2020/21. Ina measc sin, tá tuarascálacha ar chinntí suirbhéanna comhchosúla a rinneadh i mbunscoileanna, i scoileanna speisialta agus in iar-bhunscoileanna i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus in iar-bhunscoileanna i mí na Nollag 2020.

# 2. Modheolaíocht

## 2.1 Dearadh an tsuirbhé

Tugadh suirbhéanna ar líne do shampla randamach scoláirí, tuismitheoirí, príomhoidí agus múinteoirí in iar-bhunscoileanna ar fud na tíre. Bhí ceisteanna an tsuirbhé bunaithe ar cheithre phríomhthéamaí:

| Tábla 1: Téamaí Suirbhé |
|---|
| 1) Eispéireas ar scoil |
| 2) Folláine |
| 3) Teagasc agus Foghlaim |
| 4) Cur chun Feidhme Beart COVID-19 |

Bhí na freagraí go léir gan ainm. Rinneadh anailís ar shonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla a d'eascair as gach ceann de na suirbhéanna agus úsáideadh iad chun an tuairisc seo a threorú.

Ba é cuspóir na suirbhéanna:

- Forléargas a sholáthar ar na héachtaí a bhain scoileanna amach agus ar na dúshláin a bhí roimh scoileanna le linn na tréimhse sin faoi cheithre phríomhthéama.
- Saincheisteanna ar leith a bhaineann leis an earnáil iar-bhunscoile a shainaithint.

## 2.2 Sampla sonraí

Cuireadh faisnéis faoi na suirbhéanna ar fáil do phríomhoidí na scoileanna a roghnaíodh le haghaidh rannpháirtíochta. Cuireadh nasc chuig na suirbhéanna trí r-phost chuig scoileanna an 9 Nollaig 2020 agus iarradh ar phríomhoidí dáileadh nasc ar líne leis na suirbhéanna ábhartha a éascú do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí. Chuir príomhoidí an nasc do shuirbhé na scoláirí ar líne le comhlánú sa bhaile ag na scoláirí chuig tuismitheoirí. D'fhan na suirbhéanna ar líne oscailte do fhreagróirí go dtí an 15 Nollaig 2020.

Áiríodh sa sampla scoileanna scoileanna meán-Ghaeilge agus scoileanna a bhí rannpháirteach i *Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna* (DEIS), plean gníomhaíochta na Roinne Oideachais um chuimsiú oideachais. Bhí an suirbhé ar fáil i

mBéarla agus i nGaeilge. Úsáideadh sampla difriúil do gach grúpa freagróirí.[1] Níor áiríodh sa tsampláil na scoileanna a ghlac páirt sna suirbhéanna a rinneadh i mí Dheireadh Fómhair 2020.

## 2.3 Líon na bhfreagróirí

Léirítear i dTábla 2 thíos líon na bhfreagróirí do gach suirbhé:

**Tábla 2: Líon na bhfreagróirí do gach suirbhé**

| Cineál suirbhé | Líon na n-iar-bhunscoileanna a ndearnadh teagmháil leo sular dáileadh an suirbhé | Líon na bhfreagraí a fuarthas de réir gach cineál suirbhé |
|---|---|---|
| Príomhoide | 50 | 43 |
| Múinteoir | 18 | 270 |
| Foghlaimeoir | 18 | 2,060 |
| Tuismitheoir | 18 | 2,172 |

Tugadh cuireadh do thuismitheoirí an suirbhé a chomhlánú maidir le haon leanbh/leanaí ina dteaghlach a fhreastalaíonn ar iar-bhunscoil. Chuir sé sin leis an líon ard freagraí ar shuirbhé na dtuismitheoirí. D'fhreagair níos mó buachaillí ná cailíní suirbhé na bhfoghlaimeoirí.[2] Dáileadh na freagraí beagnach go cothrom ar fud na mbliainghrúpaí ón gcéad bhliain go dtí an séú bliain.

As triúr príomhoide is daichead a d'fhreagair, bhí díreach os cionn aon chúigiú cuid (23%) ag obair i scoileanna le stádas ainmnithe DEIS. D'oibrigh díreach os cionn trian (35%) de na múinteoirí a d'fhreagair i scoileanna a raibh stádas DEIS sannta dóibh. Ba mhúinteoirí ábhair formhór na múinteoirí (87%) a d'fhreagair. D'oibrigh cúpla múinteoir a d'fhreagair (3%) san oideachas speisialta agus d'oibrigh na múinteoirí eile i róil éagsúla eile.

---

[1] Mar shampla, i Scoil A, tugadh cuireadh do phríomhoidí suirbhé na bpríomhoidí a chomhlánú, ach níor tugadh cuireadh do mhúinteoirí, tuismitheoirí ná scoláirí. I Scoil B, tugadh cuireadh do mhúinteoirí an suirbhé múinteoirí a chomhlánú, ach níor tugadh cuireadh do phríomhoidí, tuismitheoirí ná scoláirí.

[2] Áiríodh sa raon roghanna a bhí ar fáil do fhreagróirí sa chuid seo den suirbhé 'fireann', 'baineann' agus 'eile'.

## 2.4 Teorainneacha na suirbhéanna

Ba chóir a thabhairt faoi deara go mbaineann na sonraí le suirbhéanna ar phríomhoidí, múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí agus iad ag machnamh ar a n-eispéireas ó thús na scoilbhliana i mí Mheán Fómhair. Seans gur athraigh peirspictíochtaí agus tosaíochtaí i bhfianaise na gcúinsí atá ag teacht chun cinn ó shin.

## 2.4 Téarmaí cainníochtúla a úsáidtear sa tuairisc seo

Baineadh úsáid as na tuairiscí seo a leanas agus téarmaí cainníochtúla á n-úsáid sa tuairisc seo:

| Tábla 3: Téarmaí cainníochtúla a úsáidtear | |
|---|---|
| I mbeagnach gach cás | Níos mó ná 90% |
| Don chuid ba mhó | 75% - 90% |
| Tromlach* / níos mó ná a leath | 51% - 74% |
| Leath | 50% |
| Níos lú ná leath / mionlach suntasach | 25% - 49% |
| Líon beag / níos lú ná an ceathrú cuid | 16% - 24% |
| I gcúpla cás | Níos lú ná 15% |

## 2.5 Anailís ar shonraí

Rinneadh anailís ar shonraí cainníochtúla ag úsáid bogearraí suirbhéireachta. Rinneadh anailís ar shonraí cáilíochtúla trí úsáid a bhaint as anailís théamach. Rinneadh athbhreithniú agus baineadh úsáid as na sonraí tiomsaithe mar threoir don tuairisc seo.

# 3. Forléargas ar thorthaí an tsuirbhé de réir an ghrúpa rannpháirtithe

## 3.1 Suirbhé ar phríomhoidí

Thug príomhoidí a d'fhreagair an suirbhé le fios go raibh scoileanna, ar an iomlán, ag feidhmiú go héifeachtach sna cúinsí reatha. Bhraith siad go raibh ag éirí go maith leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim ina gcuid scoileanna. Tugadh tacaíochtaí breise isteach chun folláine na foirne agus na scoláirí a chur chun cinn. Bhí ardáin dhigiteacha i bhfeidhm ag beagnach gach scoil agus bhí cur amach ag na múinteoirí agus na scoláirí lena n-úsáid. Chuir príomhoidí in iúl go raibh socruithe déanta chun a chinntiú go bhféadfadh na scoláirí leanúint dá gcuid foghlama i gcás go ndúnfaí an scoil go páirteach nó go hiomlán. Mheas príomhoidí go raibh ag éirí le bearta a cuireadh i bhfeidhm chun cosc a chur ar scaipeadh COVID-19 i scoileanna. Is dúshlán i gcónaí é do go leor príomhoidí rochtain a fháil ar chlúdach nó ar mhúinteoir ionaid nuair a bhíonn múinteoir as láthair ón scoil.

## 3.2 Suirbhé ar mhúinteoirí

Thug an chuid ba mhó de na múinteoirí le fios go raibh a scoil ag feidhmiú go héifeachtach. D'aontaigh díreach faoi bhun trí cheathrú de na múinteoirí go raibh ag éirí go maith leo ina róil ghairmiúla ó d'oscail na scoileanna arís. Bhí siad tar éis úsáid a bhaint as acmhainní ar líne chun tacú lena gcuid teagaisc agus bhí a bhformhór sásta leis an dul chun cinn a bhí á dhéanamh ag a gcuid scoláirí san fhoghlaim. Léirigh na múinteoirí go raibh muinín acu as a gcumas chun ardáin dhigiteacha a úsáid chun tacú le teagasc agus foghlaim. D'ainneoin na mbeart a cuireadh chun feidhme chun scaipeadh COVID-19 a chosc sna seomraí ranga, léirigh tromlach na múinteoirí sástacht lena gcuid teagaisc agus le rannpháirtíocht na scoláirí ina gcuid foghlama. Thug roinnt múinteoirí le fios go raibh an raon modheolaíochtaí a d'fhéadfaidís a úsáid teoranta trí na bearta um scaradh fisiciúil a tugadh isteach sna scoileanna. Léirigh roinnt múinteoirí imní freisin maidir le bheith ag mothú sábháilte ina scoil, nó thuairiscigh roinnt múinteoirí nach raibh na scoláirí ag cloí go dlúth leis na riachtanais maidir le díghalrán lámh agus/nó scaradh fisiciúil.

## 3.3 Suirbhé ar scoláirí

Ar an iomlán, léirigh freagraí na scoláirí go raibh siad sásta a bheith ar ais ar scoil, go raibh siad an-sásta lena n-eispéireas scoile agus gur tugadh deiseanna dóibh sóisialú lena gcomhscoláirí. Bhí freagraí na scoláirí dearfach i gcoitinne maidir le teagasc agus foghlaim. D'aontaigh tromlach na scoláirí go raibh siad ag baint taitneamh as a gcuid ceachtanna an chuid is mó den am nó an t-am ar fad. Thug mionlach suntasach le fios, áfach, nach raibh sé sin fíor ach cuid den am. D'aontaigh níos mó ná leath na scoláirí a ndearnadh suirbhé orthu go raibh an deis acu oibriú i gcomhar le scoláirí eile. Aontaíodh ar an iomlán gur lean

formhór na ndaoine ina scoil rialacha na scoile maidir le scaipeadh COVID-19 a chosc, agus go bhfaca siad go raibh scaradh fisiciúil á dhéanamh.

## 3.4 Suirbhé ar thuismitheoirí

Ar an iomlán, thug tuismitheoirí le fios go raibh a gcuid leanaí tar éis socrú isteach go maith ar scoil agus go raibh siad sásta go raibh siad ar ais ar scoil. D’aontaigh tromlach na dtuismitheoirí go raibh a leanbh ag déanamh dul chun cinn san fhoghlaim. Chuir tuismitheoirí in iúl go raibh socruithe iomchuí déanta ag scoil a linbh chun tarchur COVID-19 a mhaolú agus go raibh na socruithe sin curtha in iúl dóibh go héifeachtach.

## 3.5 Achoimre ar na barúlacha a léiríodh sna freagraí oscailte

I measc na suirbhéanna ar phríomhoidí, ar mhúinteoirí agus ar thuismitheoirí, bhí bosca freagartha oscailte ina raibh an rogha ag freagróirí tráchtaireacht bhreise a sholáthar. Sna táblaí in Aguisín 1, tugtar forléargas ar raon agus ar mhinicíocht na tráchtaireachta sin.

Roghnaigh tríocha príomhoide trácht a sholáthar sa bhosca téacs oscailte. Chlúdaigh na tráchtanna sin raon réimsí agus ba iad na hábhair ba choitianta tráchtaireacht dhearfach agus dhiúltach maidir le folláine agus ábhar imní i ndáil le soláthar múinteoirí. Chuir 658 dtuismitheoir san iomlán breathnóireachtaí ar fáil. Ba iad na réimsí is minice a ndearnadh tagairt dóibh: ábhar imní faoi fholláine na scoláirí; tráchtaireacht dhearfach maidir le taithí a linbh ar scoil agus breathnuithe diúltacha maidir leis an teocht íseal i seomraí ranga mar thoradh ar bhearta aerála méadaithe. Chuir cúigear múinteoirí is seachtó tuairimí ar fáil. Ba iad na míreanna is forleithne sna freagraí sin in ord minicíochta: ábhar imní maidir leis an tsábháilteacht a braitheadh sna scoileanna; saincheisteanna a bhaineann le teagasc agus foghlaim agus breathnuithe dearfacha maidir leis an gcaoi a raibh an scoil ag feidhmiú sa timpeallacht athraithe. Sa bhosca thíos, tugtar samplaí de roinnt tráchtaireachta ó thuismitheoirí, ó phríomhoidí agus ó mhúinteoirí.

*Ag an bpointe seo, tá rudaí tar éis socrú isteach i bpatrún rialta agus tá an scoil á reáchtáil go maith agus táimid an-sásta a bheith in ann ár scoil a oscailt. Tá sé thar a bheith tábhachtach freisin do na scoláirí go bhfuil an scoil oscailte. Mar sin féin, bhí an obair a bhain leis an bpointe seo a bhaint amach an-mhór agus formhór mór na hoibre ag teacht isteach go doras an phríomhoide agus an leas-Phríomhoide.* (Príomhoide)

*Bhí an-deacair i mbliana do scoileanna, do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus do leanaí, ach ba bhliain í freisin inar aimsíodh láidreachtaí agus teacht aniar inmheánach ionainn féin. Bhí sé an-tábhachtach go bhfanfadh na scoileanna oscailte agus cé go raibh sé deacair bhí sé iontach dár leanaí. Buíochas le gach duine as a gcuid oibre.* (Tuismitheoir)

*Sílim go bhfuilimid ag déanamh ár ndícheall in am an ghátair.* (Múinteoir)

# 4. Torthaí mionsonraithe de réir téama

## 4.1 Eispéireas ar scoil

Tar éis athoscailt rathúil i mí Meán Fómhair 2020, lean na hiar-bhunscoileanna ag feidhmiú go héifeachtach le linn na chéad téarma den scoilbhliain 2020/21. Dheimhnigh freagróirí an tsuirbhé go raibh an filleadh ar an scolaíocht dearfach don phobal scoile. Den chuid is mó, tuairiscíodh gur shocraigh na scoláirí isteach arís sa scoil. Dúirt beagnach gach tuismitheoir scoláirí na chéad bhliana go raibh a bpáiste tar éis déileáil go maith leis an aistriú go dtí an iar-bhunscoil. Thug príomhoidí agus múinteoirí le fios go raibh siad tar éis dul in oiriúint go maith do na hathruithe riachtanacha, go raibh siad ag comhlíonadh a róil go héifeachtach agus go raibh a gcuid scoileanna ag feidhmiú go rathúil sa timpeallacht nua. Chuir an Roinn Oideachais raon leathan treorach agus comhairle ar fáil do na scoileanna chun tacú leo na dúshláin a bhaineann leis an gcomhthéacs athraithe seo a shárú. Áiríodh leis sin plean freagartha COVID-19 chun scoileanna, oiliúint agus acmhainní a athoscailt go sábháilte, chun rialacháin sláinteachais agus sábháilteachta i dtimpeallacht na scoile a chomhlíonadh.[3] Dheimhnigh freagraí suirbhé ó phearsanra scoile go raibh teacht acu ar an doiciméadacht sin.

D'aontaigh nó d'aontaigh an chuid ba mhó de na tuismitheoirí go mór (81%) go raibh a leanbh tar éis socrú isteach go maith ar scoil sa tréimhse ó mhí Mheán Fómhair go mí na Nollag. D'aontaigh cion comhchosúil de na tuismitheoirí (84%) gur thacaigh múinteoirí agus comhaltaí foirne lena leanbh chun socrú isteach sa scoil le linn na tréimhse sin. Maidir le heispéireas scoláirí na chéad bhliana, luaigh beagnach gach tuismitheoir (90%) de chohórt na chéad bhliana sin gur éirigh go maith lena leanbh san aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil agus go raibh siad socraithe isteach go maith ina scoil nua. Thug tuismitheoir amháin le scoláire sa chéad bhliain faoi deara, '*Tá sár-jab déanta ag an scoil maidir le gach duine a shocrú isteach agus a chur ag foghlaim go sábháilte. Tá siad le moladh freisin as cuidiú leis na leanaí aistriú go meánscoil den chéad uair*'. Thug beagnach gach tuismitheoir (96%) le fios go raibh a leanbh in ann dul chun na scoile agus ar ais ón scoil go sábháilte.

Léirigh na scoláirí leibhéil éagsúla sástachta maidir lena n-eispéireas scoile le linn an chéad téarma den scoilbhliain. D'aontaigh níos mó ná leath acu (56%) go raibh siad sásta a bheith ar scoil le beagán faoi bhun aon trian (29%) de na scoláirí ag tuairisciú nach raibh siad cinnte conas a mhothaigh siad faoi bheith ar scoil. Cé nár iarr na suirbhéanna ar na scoláirí mionléiriú a dhéanamh ar a gcuid freagraí, moladh ó rannpháirtíocht na Cigireachta le fócasghrúpaí scoláirí go bhféadfadh drochthionchar a bheith ag bearta coisctheacha a

[3] Tá raon iomlán na ndoiciméad treorach a sholáthraíonn an Roinn chun tacú le hathoscailt scoileanna ar fáil ag an nasc seo a leanas: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/ar-n-iar-bhunscoileanna-a-athoscailt/.

bhaineann le COVID-19 amhail cumhdaigh aghaidhe a chaitheamh, in éineacht le leibhéil imní ardaithe timpeall an víris nó go ndeachaigh sin ar fad i bhfeidhm ar eispéiris roinnt scoláirí.[4]

Cé gur luaigh tromlach na dtuismitheoirí freagróirí (69%) go raibh a gcuid leanaí sásta filleadh ar scoil, léiríodh imní faoi leibhéil sásaimh na scoláirí ag mionlach suntasach (22%) de thuismitheoirí a dúirt nach raibh a gcuid leanaí sásta a bheith ar ais ar scoil. Thug tuismitheoir amháin faoi deara, '*Tá sé ar fad ag dul i gcion ar dhuine óg an-stuama, cumasach, muiníneach'*. Agus é ag cur síos ar eispéireas a linbh ag filleadh ar scoil, thug tuismitheoir eile faoi deara, '*Tá sé deacair ar go leor dá cairde agus ar mo leanbh socrú isteach i mbliana leis an mbealach nua maireachtála agus leis na rialuithe a bhaineann le COVID a rialáil atá ag dul i bhfeidhm go mór orthu chomh maith leis na hathruithe ar fad ar a saol féin agus ar shaol na scoile*'. Tugann freagraí an tsuirbhé le fios gur bhainistigh príomhoidí agus múinteoirí an tréimhse um fhilleadh ar scoil go rathúil. D'aontaigh gach príomhoide nó d'aontaigh beagnach gach príomhoide (98%) gur oibrigh scoileanna go héifeachtach i rith an téarma. Taispeánann athbhreithniú ar thráchtaireacht a cuireadh ar fáil sna suirbhéanna go raibh príomhoidí buíoch as na tacaíochtaí a chuir an Roinn Oideachais ar fáil agus luaigh príomhoide amháin, '*Cuireadh fáilte mhór roimh an maoiniú a chuir an RO ar fáil agus táimid ag baint an-leas as an maoiniú sin*'. Dúirt príomhoide eile, '*D'éirigh linn cúrsaí a bhainistiú go maith*'.

D'aontaigh múinteoirí freisin gur fheidhmigh scoileanna go héifeachtach i rith na tréimhse, agus d'fhreagair an chuid ba mhó de na múinteoirí (83%) go dearfach don mhír suirbhé sin. Thug an chuid ba mhó de na príomhoidí (86%) le fios go raibh siad ag comhlíonadh a róil cheannaireachta go rathúil ó athosclaíodh a gcuid scoileanna. D'aontaigh faoi bhun trí cheathrú de na múinteoirí (72%) go raibh siad ag éirí go maith leo ina róil teagaisc. Thug múinteoir amháin faoi deara, '*Téarma deacair a bhí ann leis na hathruithe go léir ach ar an iomlán is dóigh liom go bhfuil ag éirí go maith linn*'.

Mar ullmhúchán d'athoscailt na scoileanna i mí Mheán Fómhair, d'eisigh an Roinn Oideachais raon doiciméad, lena n-áirítear plean freagartha COVID-19 chun scoileanna a athoscailt go sábháilte; oiliúint agus acmhainní; tacaíochtaí don earnáil oideachais speisialta; comhairle maidir le rialacháin COVID-19 a chomhlíonadh i dtimpeallacht na scoile; treoir ar riachtanais speisialta oideachais, treoir maidir le soláthar do na scoláirí atá i mbaol an-ard ó COVID-29 a tholg, agus treoir maidir leis an bhfoghlaim agus cláir scoile.[5] D'aontaigh níos mó ná trí cheathrú de na príomhoidí (77%) go raibh siad sásta leis an raon tacaíochtaí a bhí ar fáil dóibh.

---

[4] Rinne an Chigireacht sraith fócasghrúpaí le scoláirí le linn na tréimhse Meán Fómhair-Nollaig 2020 mar chuid de thionscadal taighde na Cigireachta ar atosú scolaíochta. Tá na tuairiscí ar phríomhthorthaí na bhfócasghrúpaí sin ar fáil anseo: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/atosu-scolaiochta-fomhar-2020-tuairisc-ar-anailis-sonrai-o-phriomhoidi/.
[5] Tá an raon iomlán treorach arna hullmhú agus arna foilsiú ag an Roinn ar fáil ag an hipearnasc seo a leanas: https://www.gov.ie/en/publication/7acad-reopening-our-post-primary-schools/.

Thug tromlach na bpríomhoidí (56%) le fios go raibh siad in ann clúdach ionaid a fháil nuair a bhí múinteoir as láthair ina scoil. Mar sin féin, léirigh freagraí an tsuirbhé freisin go raibh deacrachtaí ag níos mó ná dhá chúigiú (44%) de na príomhoidí teacht ar chlúdach ionaid do mhúinteoirí a bhí as láthair. Ba léir go raibh ábhar imní ann maidir leis an gceist seo le feiceáil freisin sna tráchtanna a chuir roinnt príomhoidí agus tuismitheoirí ar fáil. Thug príomhoide amháin faoi deara, '*is ábhar imní agus cúis bhuairimh i gcónaí do na scoláirí, do na tuismitheoirí, don fhoireann agus don bhainistíocht an easpa múinteoirí ionaid cáilithe atá ar fáil*'.

## 4.2 Folláine

Cuireadh béim sna doiciméid treorach a cuireadh ar fáil do scoileanna ar an ngá do scoileanna tosaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí chun tacú le folláine na scoláirí. Tugann an fhianaise ón suirbhé seo le tuiscint gur éirigh go maith leis na scoileanna sa mhéid sin. Chuir scoileanna tacaíochtaí ar fáil freisin ar mhaithe le folláine na foirne.

Dheimhnigh beagnach gach príomhoide (95%) go raibh tacaíochtaí breise curtha i bhfeidhm ag a gcuid scoileanna ar mhaithe le folláine na scoláirí. Chuir thart ar thrí cheathrú de na múinteoirí (74%) in iúl go raibh siad sásta leis an tacaíocht a bhí á soláthar ag a scoil do leas na scoláirí i gcomhthéacs COVID-19. Rinne múinteoir amháin cur síos ar an gcaoi ar éirigh leis na scoláirí oiriúnú go rathúil don chomhthéacs athraithe: '*Cé gur bliain mhór struis a bhí inti leis na hathruithe go léir agus timpeallacht foghlama an-difriúil, tá ár gcuid scoláirí ag déanamh a ndíchill agus tá ag éirí go maith leo dul in oiriúint don timpeallacht nua*'.

Chuir tuismitheoirí in iúl freisin go raibh siad ríshásta leis na tacaíochtaí a chuir scoileanna ar fáil do leas na scoláirí. Maidir leis sin, d'aontaigh tromlach na dtuismitheoirí (81%) go raibh múinteoirí agus baill foirne ag tacú le folláine a linbh. Bhí moladh mór ag dul do mhúinteoirí agus don fhoireann le sonrú sna tuairimí ó thuismitheoirí, agus dúirt tuismitheoir amháin, '*Téann mo chuid leanaí chuig scoil a dtacaíonn a fealsúnacht iomlán leis an leanbh. Tá sé sin go mór i bhfeidhm ar an mbliain aisteach seo. Tá an t-ádh dearg linn*'. Chuir formhór na dtuismitheoirí (88%) in iúl go raibh siad ar an eolas faoi na tacaíochtaí a bhí ar fáil má bhí imní orthu faoi fholláine a linbh. Dheimhnigh go leor scoláirí (88%) go raibh a fhios acu cén áit le dul ar scoil más amhlaidh go raibh imní orthu.

Dheimhnigh seisiúin chomhairleacha a rinne an Chigireacht le príomhoidí le linn an chéad téarma den scoilbhliain 2020/21 gur bhain go leor scoileanna leas as na hacmhainní a d'ullmhaigh an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) le húsáid ag pearsanra scoile le linn COVID-19. Thug príomhoidí a d'fhreagair an suirbhé le fios gur chuir tromlach na scoileanna (81%) tacaíochtaí breise i bhfeidhm ar mhaithe le folláine na foirne. Bhí níos mó ná leath na múinteoirí (57%) sásta leis an leibhéal tacaíochta a bhí ag a gcuid scoileanna chun soláthar a dhéanamh dá bhfolláine i gcomhthéacs na paindéime. Thug faoi bhun aon trian de na múinteoirí (30%) le fios nach raibh siad sásta leis an leibhéal tacaíochta a bhí ag a gcuid scoileanna chun soláthar a dhéanamh dá bhfolláine. Maidir leis

sin, rinne múinteoir amháin achoimre ar na dúshláin a bhíonn roimh an bpobal scoile, ag rá: '*Bliain thar a bheith deacair í seo do chohórt na scoile*'.

Chuir beagnach gach príomhoide (98%) in iúl go mbraitheann siad sábháilte ar scoil. D'aontaigh, nó d'aontaigh go láidir, cion i bhfad níos lú múinteoirí (61%) go mbraitheann siad sábháilte ar scoil. Dúirt díreach faoi bhun aon cheathrú cuid (24%) de na múinteoirí nach mbraitheann siad sábháilte ar scoil. Labhair roinnt múinteoirí faoi na deacrachtaí a bhaineann le fanacht sábháilte, le múinteoir amháin ag cur síos ar an imní ina leith seo: '*Táim i mbaol mar caithfear a mheabhrú do na scoláirí go rialta scaradh sóisialta a dhéanamh... cuireann sin frustrachas orainn'.* Chuir cuid mhaith den tráchtaireacht ó mhúinteoirí béim ar thionchar na riachtanas maidir le haeráil mhéadaithe a éiríonn as raon prótacal COVID. Rinne múinteoir amháin cur síos ar an tionchar a bhíonn aige sin nó, *'mar gheall ar an ngá atá le haeráil, bhí na dálaí sa seomra foirne an-fhuar ar fad, rud a fhágann go bhfuil sé an-deacair obair a dhéanamh. Tá an fhoireann ag obair agus iad ag caitheamh cótaí, hataí agus lámhainní*'. Bhí imní den chineál céanna le feiceáil freisin sa tráchtaireacht a chuir tuismitheoirí ar fáil: *'Bímid imníoch faoi fhuacht na scoile i rith mhíonna an gheimhridh toisc go gcaithfidh na fuinneoga fanacht oscailte le haghaidh aerála. Bíonn na páistí chomh fuar i rith an lae… Táim cinnte go mbíonn sé deacair orthu díriú isteach ar a gcuid obair scoile. Caithfidh siad a gcuid cótaí a chaitheamh agus éadaigh eile a chaitheamh faoina n-éide scoile le go mbeidh siad te go leor'*.

## 4.3 Teagasc agus foghlaim

Taispeánann sonraí an tsuirbhé gur oibrigh príomhoidí agus pobail scoile chun timpeallacht thacúil a sholáthar don teagasc agus don fhoghlaim agus chun a chinntiú go bhféadfadh na scoláirí dul chun cinn a dhéanamh ina gcuid foghlama. '*Is iontach an rud é gur éirigh linn filleadh ar scoil agus ár scoileanna a choinneáil oscailte',* arsa múinteoir amháin. *'Cé nach mbaineann normáltacht le haon rud ar an aimsir seo, tá sé iontach tábhachtach go mbíonn gnáthamh ag ár gcuid scoláirí agus go mbíonn idirghníomhaíocht shóisialta acu go laethúil*'.

Téann comhoibriú le comhghleacaithe chun leasa chleachtas gairmiúil múinteoirí, agus cuireann sé feabhas ar sholáthar oideachais do na scoláirí. Mheas an chuid ba mhó de na príomhoidí (83%) go raibh leibhéal ard comhoibrithe ghairmiúil i measc na múinteoirí ina scoil. Thug níos lú múinteoirí (63%) le fios go raibh ardleibhéil comhoibrithe i measc múinteoirí ina scoil. Thug beagnach gach príomhoide (94%) le fios go raibh ag éirí go maith leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim ina gcuid scoileanna. Bhí tromlach na múinteoirí (77%) sásta le caighdeán an teagaisc sa scoil i gcomhthéacs na paindéime. Ina theannta sin, bhí tromlach na múinteoirí (67%) dearfach faoi leibhéil rannpháirtíochta na scoláirí le linn ceachtanna. Chuir an chuid ba mhó de na múinteoirí (89%) in iúl go raibh teacht acu ar acmhainní ar líne chun tacú lena gcuid teagaisc. Thug beagnach gach duine de na múinteoirí sin (97%) le fios go raibh na hacmhainní sin úsáideach dóibh.

Cuireann an ceanglas chun riachtanais um scaradh fisiciúil a chomhlíonadh srianta díreacha ar scoileanna agus ar na seomraí ranga agus, dá bharr sin, b'éigean do go leor múinteoirí a

gcur chuige i leith an teagaisc a oiriúnú. Thug an chuid ba mhó de na múinteoirí (86%) le fios go raibh cineálacha éagsúla cur chuige teagaisc á n-úsáid acu ó na cinn a d'úsáid siad roimhe sin. Bhí tromlach na múinteoirí (57%) muiníneach nach raibh drochthionchar aige sin ar chaighdeán a gcuid teagaisc. Thug mionlach suntasach na múinteoirí (43%) le fios, áfach, nach raibh a gcuid teagaisc chomh maith mar thoradh ar na hathruithe. D'aontaigh beagnach gach príomhoide (95%) go raibh cineálacha cur chuige teagaisc athraithe mar thoradh ar an bpaindéim.

Thug tromlach na scoláirí (67%) i scoileanna le fios go raibh siad ag baint taitneamh as a gcuid ceachtanna 'ar fad' nó 'an chuid is mó' den am. Thug díreach faoi bhun aon trian de na scoláirí (30%) le fios gur bhain siad taitneamh as a gceacht 'uaireanta'. Tugann treoir cláir ag leibhéal iar-bhunscoile le tuiscint gur chóir go gcuirfeadh eispéiris foghlama atá pleanáilte deiseanna ar fáil le haghaidh idirghníomhú sóisialta agus comhoibriú idir daltaí agus scoláirí. Thug níos mó ná leath na múinteoirí a ndearnadh suirbhé orthu (57%) le fios go raibh siad in ann leanúint ar aghaidh ag soláthar deiseanna dá gcuid scoláirí oibriú i gcomhar le linn ceachtanna. Thug mionlach suntasach (43%) le fios gur bhraith siad nach bhféadfaidís a leithéid de dheiseanna a sholáthar. Thug múinteoir amháin faoi deara, '*Tá sé beagnach dodhéanta obair chomhoibritheach a dhéanamh, rud a bhíodh mar chuid lárnach de mo chuid ranganna roimh COVID*'.

Maidir le foghlaim na scoláirí, d'aontaigh na freagróirí go ginearálta go raibh na scoláirí ag déanamh dul chun cinn ina gcuid foghlama. Bhraith beagnach gach príomhoide (98%) a d'fhreagair go raibh na scoláirí ina scoil ag déanamh dul chun cinn ina gcuid foghlama. Mar sin féin, bhraith céatadán níos ísle múinteoirí (76%) go raibh dul chun cinn á dhéanamh ag na scoláirí ina scoileanna ó thaobh foghlama de. D'aontaigh an chuid ba mhó de na tuismitheoirí (81%) go raibh dul chun cinn á dhéanamh ag a gcuid leanaí ó thaobh foghlama de. Níor aontaigh cúpla tuismitheoir (11%) leis an ráiteas sin. D'aontaigh na scoláirí freisin go raibh ag éirí go maith lena gcuid foghlama, agus d'aontaigh tromlach na scoláirí (67%) leis sin. Chuir aon cheathrú cuid de na scoláirí (25%) in iúl go raibh éiginnteacht ann maidir lena gcuid foghlama. Chuir tráchtaireacht sna suirbhéanna béim ar na dúshláin ar leith a bhí roimh na scoláirí sin a bhí ag ullmhú do scrúduithe teastais. Thug tuismitheoir amháin faoi deara, '*Is dóigh liom go raibh cúpla mí an-chorraitheach ann do na scoláirí na hArdteiste go háirithe. Bhí an oiread sin éiginnteachta ann dóibh le bheith ag déileáil leis. Sílim go raibh tionchar mór ag COVID ar m'iníon le naoi mí anuas'.*

Cuid lárnach den teagasc agus den fhoghlaim is ea aiseolas ar ardchaighdeán do na scoláirí faoi chaighdeán a gcuid foghlama. Thug tromlach na scoláirí (62%) le fios gur chuir an chuid ba mhó dá múinteoirí nó iad go léir tráchtaireacht ar chaighdeán a gcuid foghlama ar fáil. Thug aon trian de na scoláirí (33%) le fios nár thug ach 'roinnt' múinteoirí aiseolas dóibh. Chuir scoileanna raon éagsúil tacaíochtaí ar fáil chun tacú le riachtanais foghlama na scoláirí. D'aontaigh an chuid ba mhó de na scoláirí (80%) go bhféadfaidís cúnamh a fháil má mheas siad go raibh siad ag titim taobh thiar ina gcuid foghlama.

I gCiorclán 0074/2020[6], éilítear ar gach scoil tairseach cumarsáide agus foghlama a bheith acu a thacaíonn leo freagairt do dhúnadh páirteach nó iomlán na scoile. Cuireadh maoiniú de Dheontas Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) ar fáil do scoileanna chun tacú le teicneolaíochtaí digiteacha a leabú sa teagasc agus san fhoghlaim. In 2020, eisíodh €100 milliún do na scoileanna, a bhí mar an tráinse deiridh den phacáiste iomlán de €210 milliún, do bhonneagar TFC mar a fhoráiltear dó sa *Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020* . Eisíodh maoiniú do TFC go díreach do scoileanna ar an tuiscint gurb iad na scoileanna is fearr chun riachtanais TFC phobal na scoile a chinneadh. Eisíodh €50 milliún don scoilbhliain 2019-2020 in Aibreán 2020 agus eisíodh €50 milliún eile i mí na Nollag 2020 don scoilbhliain 2020/21. D'fhéadfadh na scoileanna an maoiniú seo a úsáid chun feidhmchláir bhogearraí nó ardáin bhogearraí a fháil chun cianfhoghlaim agus cumarsáid a chumasú agus chun feistí a sholáthar ar iasacht do na múinteoirí agus d'fhoghlaimeoirí chun teagmháil le cianfhoghlaim a éascú.

Léirigh torthaí an tsuirbhé torthaí an-dearfacha ar infhaighteacht agus úsáid teicneolaíochtaí digiteacha i scoileanna. Léirigh na príomhoidí ar fad[7] agus beagnach gach múinteoir (92%) go raibh tairseach foghlama digití i bhfeidhm ag a gcuid scoileanna chun tacú le teagasc agus foghlaim. D'aontaigh na príomhoidí go léir agus beagnach gach múinteoir (94%) go raibh eolas forleathan ar fud a scoile faoi conas teacht ar na hardáin dhigiteacha sin agus conas ias a úsáid. Dúirt an chuid ba mhó de na múinteoirí (85%) gur úsáid siad tairseach digiteach a scoile go rialta ina gcuid teagaisc. Dheimhnigh beagnach gach príomhoide (95%) agus an chuid ba mhó de na múinteoirí (83%) go raibh a fhios ag a gcuid scoláirí conas ardáin dhigiteacha a scoile a úsáid.

Ceanglaíodh ar scoileanna soláthar oiriúnaithe a dhéanamh do na scoláirí a d'fhéadfadh filleadh ar scoil toisc gur deimhníodh go raibh siad i mbaol an-ard ó COVID-19 a tholg. Ba é aidhm an tsoláthair oideachais oiriúnaithe sin a chinntiú go bhféadfadh na scoláirí a ndeimhníodh go raibh siad i mbaol an-ard don víreas ceangal agus nasc bríoch a choinneáil lena rang agus lena scoil d'fhonn leanúint ar aghaidh lena gcuid foghlama ón mbaile. Tugtar breac-chuntas ar thacaíochtaí don chohórt scoláirí sin i ndoiciméid a chuir an Roinn Oideachais le chéile.[8] I measc cuid de na scoileanna a roghnaíodh le haghaidh rannpháirtíochta sna príomhshuirbhéanna, bhí cohórt beag scoláirí a ndeimhníodh go raibh siad i mbaol an-mhór ó COVID-19 a tholg. Thug an suirbhé ar phríomhoidí le fios go raibh ceathrar scoláirí déag sa chatagóir sin. D'aontaigh beagnach gach príomhoide (93%) a raibh scoláirí ardriosca acu go raibh bearta i bhfeidhm acu chun a chinntiú go bhféadfadh na scoláirí sin leanúint dá gcuid foghlama. Go ginearálta, léirigh freagraí suirbhé gur chuir múinteoirí ábhair, múinteoirí riachtanas oideachais speisialta, agus múinteoirí a bhí ag obair

[6] Ciorclán 0074/2020 *Tairseach Cumarsáide/Teagaisc & Foghlama* ar fáil ag https://www.education.ie/ga/Ciorcl%C3%A1in-agus-Foirmeacha/.
[7] Úsáidtear an téarma 'ar fad' ar fud na tuarascála seo chun ráta freagartha 100% a léiriú.
[8] Is féidir teacht ar threoir a chuirtear ar fáil do scoileanna maidir le soláthar oideachais oiriúnaithe a dhéanamh do scoláirí nach féidir leo filleadh ar scoil toisc go ndeimhnítear go bhfuil siad i mbaol an-ard ó COVID-19 a tholg ag https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/ar-n-iar-bhunscoileanna-a-athoscailt/.

ón mbaile iad féin ar fáil toisc go raibh siad ainmnithe le bheith i mbaol an-ard ó COVID-19 an tacaíocht sin ar fail.

## 4.4 Cur chun feidhme beart i leith COVID-19

Ceanglaíodh ar scoileanna raon beart a chur chun feidhme chun an riosca go dtras-seolfaí ionfhabhtú a íoslaghdú agus a bhainistiú. Léirigh freagraí ar na suirbhéanna go raibh leibhéil an-ard comhlíonta i scoileanna i gcoitinne maidir leis na bearta a leagtar amach i bplean freagartha COVID-19 na Roinne a chur chun feidhme. Chuir príomhoidí agus múinteoirí in iúl gur fhreastail siad ar chúrsaí oiliúna a chuir an Roinn Oideachais ar fáil agus go raibh siad ar an eolas faoi na bearta is gá a dhéanamh chun scaipeadh COVID-19 a chosc ina gcuid scoileanna. Thug beagnach na múinteoirí ar fad (92%) le fios go ndearna siad oiliúint COVID-19 a chuir an Roinn Oideachais ar fáil. D'aontaigh beagnach gach príomhoide (98%) agus beagnach gach múinteoir (95%) go raibh beartas COVID-19 i bhfeidhm ag a gcuid scoileanna. D'aontaigh na príomhoidí go léir agus beagnach gach múinteoir (98%) gur cheap a scoil ionadaí príomhoibrí. D'aontaigh na príomhoidí go léir gur choinnigh siad loga maidir le rianú teagmhálaithe. D'aontaigh beagnach gach príomhoide (98%) go raibh beartas ag a scoil maidir le cuairteoirí ar fhoirgneamh na scoile. D'aontaigh beagnach gach príomhoide (95%) go raibh socruithe i bhfeidhm ag a scoil chun an trealamh a úsáidtear in ábhair phraiticiúla a ghlanadh go rialta. Maidir leis sin, d'fhoilsigh an Roinn treoir do scoileanna maidir le hábhair a bhaineann le trealamh a úsáid. Ba é aidhm na treorach ná tacú le cur chun feidhme sábháilte ghnéithe praiticiúla na n-ábhar sin.[9]

Léirigh príomhoidí leibhéil an-ard comhoibrithe le socruithe na scoileanna maidir le COVID-19 i measc scoláirí, múinteoirí agus tuismitheoirí. Léiríodh é sin freisin sna cuairteanna cigireachta Tacú le Soláthar Sábháilte Scolaíochta (TSSS) a rinne an Chigireacht thar ceann an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta. I dtorthaí an tsuirbhé, d'aontaigh beagnach gach scoláire (92%) gur chabhraigh a gcuid múinteoirí agus daoine fásta eile ar scoil leo rialacha na scoile a leanúint maidir le scaipeadh an ionfhabhtaithe a chosc. Bhí na príomhoidí go léir agus beagnach gach múinteoir (96%) ar an eolas faoi na bearta ba cheart a dhéanamh má thaispeánann scoláire ina scoil comharthaí féideartha COVID-19. D'aontaigh na príomhoidí go léir go raibh seomra leithlise ainmnithe ina gcuid scoileanna de réir mar ba ghá. Bhí beagnach gach tuismitheoir (93%) muiníneach go bhfreagródh an scoil go cuí dá n-éireodh a leanbh tinn le linn an lá scoile. Dúirt tuismitheoir amháin, '*Táim an-sásta leis an gcaoi ar dhéileáil [scoil ainmnithe] le saincheist COVID ar scoil, rinne siad a ndualgas agus i bhfad níos mó ná sin chun sábháilteacht na scoláirí, na ndlúth-theagmhálacha a chinntiú agus rinne siad na treoirlínte a chomhlíonadh'.* D'aontaigh tromlach na scoláirí (56%) gur fhan bliainghrúpaí ina mbliainghrúpaí i rith an lá scoile. Bhí comhaontú foriomlán i measc na

[9] Is féidir teacht ar an *Treoir um Fhilleadh ar Scoil maidir leis na hÁbhair Phraiticiúla in Iar-Bhunscoileanna agus in Ionaid Oideachais* ag an nasc: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/treoir-don-fhilleadh-ar-scoil-dabhair-phraiticiula-in-iar-bhunscoileanna-agus-i-larionaid-oideachais/.

scoláirí gur chloígh mórchuid na ndaoine ina scoil leis na socruithe a cuireadh chun feidhme, lena n-áirítear scaradh fisiciúil, chun scaipeadh COVID-19 a chosc.

D'aontaigh beagnach gach múinteoir (97%) agus gach príomhoide go raibh díghalrán lámh ar fáil ag an bpríomhbhealach isteach chuig an scoil. Dheimhnigh beagnach gach múinteoir (95%) go raibh díghalrán lámh ag a scoil sna seomraí ranga. Thug an chuid ba mhó de na múinteoirí (79%) le fios gur ghlan na scoláirí ina rang a lámha le díghalrán lámh ar an mbealach isteach go foirgneamh na scoile an chuid ba mhó mó den am nó níos minice. Thug céatadán comhchosúil múinteoirí (78%) le fios go ndéanann na scoláirí a lámha a ghlanadh le díghalrán lámh go rialta i rith an lá scoile. Deimhníodh é seo tuilleadh le freagraí ó na scoláirí. D'aontaigh an chuid ba mhó de na scoláirí (79%) go n-úsáideann siad díghalrán lámh ina seomra ranga i gcónaí nuair a thagann siad isteach go foirgneamh na scoile. Chomh maith le díghalrán lámh a úsáid ar maidin, d'aontaigh an chuid ba mhó de na scoláirí (80%) gur úsáid siad díghalrán lámh i rith an lae i gcónaí nó an chuid is mó den am.

Tá sé éigeantach cumhdaigh aghaidhe a chaitheamh ag leibhéal iar-bhunscoile. D'aontaigh beagnach gach príomhoide (92%) gur chloígh na scoláirí ina scoil go ginearálta leis na riachtanais maidir le cumhdaigh aghaidhe a chaitheamh. Chuir na tuismitheoirí go léir in iúl go raibh a fhios acu go raibh ar a leanbh cumhdach aghaidhe a chaitheamh ar scoil. Thug an chuid ba mhó de na múinteoirí (88%) le fios gur lean na scoláirí na rialacha maidir le cumhdaigh aghaidhe a chaitheamh.

Chuir tuismitheoirí in iúl go raibh siad ar an eolas faoi na bearta a bhí déanta i scoil a linbh chun scaipeadh an víris a chosc. Dúirt beagnach gach tuismitheoir (91%) go raibh scoil a linbh ag obair go héifeachtach chun ionfhabhtú agus a traschur an víris a chosc. Bhí fianaise ann go raibh cumarsáid an-éifeachtach ann idir scoileanna agus tuismitheoirí maidir le prótacail COVID-19. Mhol tuairimí na dtuismitheoirí an bealach ar chinntigh scoileanna go raibh tuismitheoirí ar an eolas agus gur coinníodh ar an eolas iad. Dúirt tuismitheoir amháin, '*Chuaigh an chaoi a ndearna an scoil cumarsáid linn ó thus na dianghlasála go mór i bhfeidhm orm*'. D'aontaigh beagnach gach tuismitheoir (99%) gur thuig a leanbh rialacha na scoile maidir le tras-seoladh ionfhabhtaithe a chosc. Chuir beagnach gach tuismitheoir (97%) in iúl go raibh siad ar an eolas faoi na bearta a bhí le leanúint más gá dóibh teagmháil a dhéanamh leis an scoil. Ar an gcaoi chéanna, d'aontaigh an chuid ba mhó de na tuismitheoirí (87%) gur chuir scoil a linbh iad ar an eolas faoi na nósanna imeachta ba cheart a leanúint más mian leo cuairt a thabhairt ar áitreabh na scoile.

Dheimhnigh beagnach gach príomhoide (95%) agus an chuid ba mhó de na múinteoirí (89%) go raibh plean i bhfeidhm acu lena chinntiú go bhféadfadh na scoláirí leanúint dá gcuid foghlama i gcás go ndúnfaí an scoil go páirteach nó go hiomlán.

# 5. Cinntí agus conclúidí

## 5.1 Príomhchinntí

### Eispéireas ar scoil

Lean iar-bhunscoileanna ag feidhmiú go héifeachtach le linn an chéad téarma den scoilbhliain 2020/21, tar éis dóibh athoscailt go rathúil i mí Mheán Fómhair 2020. D'aontaigh freagróirí uile an tsuirbhé gur fheidhmigh scoileanna go héifeachtach le linn na tréimhse sin. Ar an iomlán, thug príomhoidí agus múinteoirí le fios go raibh ag éirí go maith leo ina róil faoi seach. Thug sciar suntasach de na príomhoidí le fios, áfach, nár éirigh leo clúdach ionaid a fháil nuair a bhí múinteoir as láthair óna scoil. Bhí teacht ag an gcuid ba mhó de na múinteoirí ar an gcomhairle agus ar an treoir a chuir an Roinn Oideachais ar fáil chun ullmhú d'athoscailt na scoileanna agus maidir le hidirghabháil an churaclaim le linn na scoilbhliana 2020/21. D'aontaigh an chuid ba mhó de na tuismitheoirí go raibh a leanbh tar éis socrú isteach go maith agus iad ar ais ar scoil. D'aontaigh siad freisin gur thacaigh siad féin agus na múinteoirí lena leanbh sa phróiseas sin. Ina theannta sin, tuairiscíodh go raibh scoláirí na chéad bhliana ag socrú isteach go maith ina scoil nua. D'aontaigh níos mó ná leath na scoláirí a ndearnadh suirbhé orthu go raibh siad sásta a bheith ar scoil. Ar an gcaoi chéanna, d'aontaigh níos mó ná dhá thrian de na tuismitheoirí go raibh a gcuid leanaí sásta a bheith ar scoil.

### Folláine

